# DON CHOIMISINÉIR AINMNITHE

## Valdis DOMBROVSKIS

## Geilleagar agus Táirgiúlacht, Cur Chun Feidhme agus Simpliú

**1. Inniúlacht ghinearálta, tiomantas don Eoraip agus neamhspleáchas pearsanta**

*Cad iad na gnéithe de do chuid cáilíochtaí agus de do thaithí phearsanta atá thar a bheith ábhartha chun go bhféadfá dul i gceann poist mar Choimisinéir agus chun go bhféadfá leas ginearálta na hEorpa a chur chun cinn, go háirithe sa réimse a mbeifeá freagrach as? Conas a rannchuideoidh tú le treoirlínte polaitiúla an Choimisiúin a chur chun feidhme? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú inscne chun feidhme agus conas a chomhtháthóidh tú gné na hinscne i ngach réimse beartais de do shainchúraimí? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú na hóige chun feidhme?*

*Cad iad na ráthaíochtaí neamhspleáchais atá tú in ann a thabhairt don Pharlaimint, agus cén chaoi a gcinnteofá nach ndéanfadh aon ghníomhaíochtaí a rinne tú roimhe seo, atá ar siúl anois agat nó a bheidh ar siúl amach anseo agat, an bonn a bhaint ón tslí a gcomhlíonfaidh tú do chuid dualgas sa Choimisiún?*

I mí Feabhra 2022, b'eigean don Aontas Eorpach (AE) aghaidh thabhairt ar ré nua ina raibh cogadh ar siúl ar an mór-roinn: Cogadh foghach brúidiúil gan údar na Rúise in aghaidh na hÚcráine. Thuigeamar cé chomh leochaileach agus atá síocháin agus slándáil na hEorpa dá bharr. Bhain sé siar as muintir mo thíre, an Laitvia, go háirithe, ach baineadh siar as muintir an dá stát Bhaltacha eile freisin mar go bhfuil cuimhne acu fós ar a bheith fágtha idir dhá thine Bhealtaine tar éis an Dara Cogadh Domhanda. Dá bhrí sin, an t-infheistiú a dhéanaim le mo chuid eolais, taithí agus fuinnimh chun an tionscadal Eorpach agus a luachanna a neartú, éiríonn sé as creideamh diongbháilte a múnlaíodh as réaltacht gheopholaitiúil mo réigiúin bhaile. Sin an chúis a bhfuil mé, i mo cháil mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin ar an gCoimisiún, ag moladh tacaíocht bhuanseasmhach a thabhairt don Úcráin. I mbliana rinne an Laitvia comóradh 20 bliain ar a ballraíocht san Aontas Eorpach. Is mian liom go bhfanfaidh mo thír sa chomhphobal seo atá bunaithe ar luachanna, i dteannta 450 milliún Eorpach atá ag maireachtáil faoi shaoirse agus faoi rathúnas. Is ar bhonn na teachtaireachta sin a rith mé agus a d'éirigh liom sna toghcháin Eorpacha 2024 sa Laitvia. Is faoi bheartas láidir ar son na hEorpa a thugaim ceannaireacht do mo pháirtí agus tá dhá phríomhthosaíocht againn: slándáil an Aontais a neartú agus borradh a chur faoi iomaíochas an Aontais. Dá bhrí sin, thug vótálaithe na Laitvia sainordú daonlathach dom oibriú ar son Aontas Eorpach níos láidre. An sainordú sin a chomhlíonadh, sin é an rud is mó a spreagann mé agus sin é an dualgas is mó atá orm.

Inniu teastaíonn geilleagar atá athléimneach agus iomaíoch ón Aontas chun cuidiú leis cloí lena luachana agus teacht trí na suaití inmheánacha agus brúnna seachtracha. Sin an fáth gur rí-mhór an onóir dom gur moladh mé mar Choimisinéir ainmnithe um an nGeilleagar agus Táirgiúlacht agus mar Choimisinéir ainmnithe um Chur Chun Feidhme agus Simpliú. I gcomhréir leis an méid a rinne mé go comhsheasmhach sna róil a bhí agam roimhe seo, féachfaidh mé le comhar láidir a bheith agam le Parlaimint na hEorpa agus le Ballstáit an Aontais chun bealaí a chur chun cinn d'fhonn cumas fáis an Aontais a bhaint amach, infheistíocht a mhealladh agus a áirithiú go mbeidh beartais mhaicreacnamaíocha thíortha an Aontais fónta agus fabhrach don fhás.

Beidh na sainchúraimí eacnamaíocha i gcroílár chuspóirí straitéiseacha an Aontais a chomhlíonadh maidir le borradh a chur faoinár n-iomaíochas agus ár ngeilleagar sóisialta margaidh á chaomhnú san am céanna. Chuige sin, beidh gá againn le maoiniú leordhóthanach príobháideach agus poiblí.

Ní bheidh rath ar gheilleagar an Aontais ach amháin má bhíonn sé bunaithe ar bhunphrionsabail láidre: agus cuspóirí rialachas eacnamaíoch athbhreithnithe an Aontais á léiriú agam, cuirfidh mé dlús le cur chun feidhme an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis chun inbhuanaitheacht fhioscach agus infheistíochtaí araon a áirithiú a chuireann borradh faoin táirgiúlacht agus faoin bhfás.

Beidh ról lárnach ag an Seimeastar Eorpach maidir le feabhas breise a chur ar chomhleanúnachas agus ar chomhordú bheartais eacnamaíocha agus shóisialta an Aontais agus na mBallstát. In éineacht le mo chomhghleacaithe, áiritheoidh mé go gcuirfear NextGenerationEU agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta chun feidhme go cuntasach agus go pras. Is í sin an phríomhuirlis i gcónaí chun athchóirithe agus infheistíochtaí tábhachtacha a chur chun cinn go dtí deireadh 2026. Tabharfaidh mé tús áite d'Uirlis um Chomhordú Iomaíochais nua a fhorbairt, agus moltaí thuarascáil Draghi á gcur san áireamh agam.

Beidh na sruthanna oibre cur chun feidhme agus simplithe ríthábhachtach freisin chun borradh a chur faoi iomaíochas an Aontais. Ba cheart go mbeadh sé mar chuspóir againn an rómhaorlathas a laghdú agus níos mó spás anála a thabhairt do ghnólachtaí Eorpacha, go háirithe FBManna, agus cuspóirí beartais na reachtaíochta a glacadh á gcaomhnú san am céanna. Dá bhrí sin, oibreoidh mé chun ualaí riaracháin agus tuairiscithe a laghdú, chun deireadh a chur le forálacha frithráiteacha i bpíosaí éagsúla dlí, chun cur chun feidhme dhlí an Aontais a shimpliú agus a éascú agus chun feabhas a chur ar fhorfheidhmiú dhlí an Aontais, agus mé ag caomhnú ár spriocanna beartais agus ag seasamh in aghaidh dírialála san am céanna. Maidir le tograí nua, áiritheoidh mé go mbeidh siad i gcomhréir go hiomlán le prionsabail an Choimisiúin maidir le rialáil níos fearr, agus go ndéanfar breithniú críochnúil ar ghnéithe FBManna agus iomaíochais.

Geallaim foireann atá cothrom ó thaobh inscne de a chur le chéile agus mná a chumhachtú chun go mbeidh siad rathúil san ionad oibre. Mar Choimisinéir Trádála an Aontais, thacaigh mé leis an gcéad chaibidil neamhspleách AE maidir le trádáil agus inscne a chur ar áireamh sa Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas agus an tSile. Amach anseo, áiritheoidh mé go leanfaidh an Seimeastar Eorpach de bheith ina uirlis thábhachtach le haghaidh príomhshruthú inscne agus beartais eacnamaíocha agus shóisialta san Eoraip á múnlú. Tá mé tiomanta Idirphléití Beartais leis an Aos Óg a eagrú, de réir threoirlínte an Uachtaráin, agus tús a chur leis sin chomh luath leis na chéad 100 lá de shainordú an Choláiste nua. Áiritheoidh mé go gcuirfear tuairimí daoine óga san áireamh agus tionscnaimh bheartais á n-ullmhú.

Tá taithí pholaitiúil fhada agam in institiúidí uile an Aontais. Sa Choimisiún atá i bhfeidhm faoi láthair, bhí mé i mo Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um an nGeilleagar a Fhóireann do Dhaoine agus i mo Choimisinéir um Thrádáil. Sna róil sin, rinne mé maoirseacht ar an athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais, ar an Seimeastar Eorpach agus ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Chuir mé beartas trádála an Aontais chun feidhme bunaithe ar thrí cholún: (i) gníomhaíocht theanntásach a dhéanamh nuair a baineadh mí-úsáid as oscailteacht an Aontais agus sraith uirlisí uathrialacha nua a fhorbairt; (ii) an inbhuanaitheacht inár mbeartas trádála a chuíchóiriú agus forálacha inbhuanaitheachta úrscothacha a chur lenár gcomhaontuithe nua; agus (iii) oscailteacht an Aontais don tsaorthrádáil chóir a chaomhnú chomh maith le tacaíocht an Aontais do na rialacha trádála domhanda agus d'athchóiriú EDT a áirithiú.

Le linn Choimisiún Juncker (2014-2019), bhí mé i mo Leas-Uachtarán um an nGeilleagar agus Idirphlé Sóisialta. Bhí mé i mo Choimisinéir Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil ó 2026 go 2020. Bhí mé i mo Phríomh-Aire ar an Laitvia i dtrí rialtas as a chéile, ó mhí an Mhárta 2009 go dtí mí Eanáir 2014. Bhí mé i m'Fheisire de Pharlaimint na hEorpa (2004 - 2009), agus mé i mo chomhalta den Choiste um Buiséid agus i mo chomhalta ionaid ar an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta. I mbliana toghadh mé chuig Parlaimint na hEorpa den cheathrú huair. Toghadh mé freisin chuig an *Saeima* (Parlaimint na Laitvia) faoi thrí (2002, 2010, 2011) agus bhí mé i m'Aire Airgeadais sa Laitvia ó 2002 go 2004.

Geallaim go leanfaidh mé d'oibleagáidí an Chonartha maidir le neamhspleáchas agus ionracas, neamhchlaontacht agus infhaighteacht a urramú go hiomlán, mar a shainmhínítear i mír 3 d'Airteagal 17 CAE agus in Airteagal 245 CFAE, chomh maith le hoibleagáid na rúndachta gairmiúla in Airteagal 339 CFAE. Dearbhaím go sollúnta go bhfuil na caighdeáin eiticiúla mar atá leagtha amach sna hairteagail sin agus sa Chód Iompair do Choimisinéirí á gcomhlíonadh agam. Tá mo Dhearbhú Leasa comhlánaithe agam, tá sé curtha ar fáil go poiblí agam agus déanfaidh mé é a thabhairt cothrom le dáta láithreach i gcás aon athrú. Geallaim freisin nach nglacfaidh mé le haon phost agus go seachnóidh mé aon chás a d'fhéadfadh amhras a chaitheamh ar ar mo neamhspleáchas agus ar mo neamhchlaontacht, nó a chothódh amhras maidir le mé a bheith ar fáil don Choimisiún. Staonfaidh mé ó aon oifig phoiblí eile a shealbhú agus ó aon ghníomhaíocht ghairmiúil eile a dhéanamh, bíodh an ghníomhaíocht sin gan phá nó íoctha. Geallaim go gcuirfidh mé Uachtarán an Choimisiúin ar an eolas láithreach má thagann cás chun cinn a bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith ag baint leis agus mo chuid dualgas oifigiúil á gcomhlíonadh agam.

**2. Na sainchúraimí a bhainistiú agus comhar le Parlaimint na hEorpa**

*An féidir leat gealltanas a thabhairt an Pharlaimint a chur ar an eolas go cuí faoi do chuid gníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí do chuid ranna? I do thuairim, cén tslí a bhfuil tú cuntasach don Pharlaimint?*

*Cad iad na gealltanais shonracha atá tú sásta a thabhairt maidir le do rannpháirtíocht leis an bParlaimint agus a bheith i láthair sa Pharlaimint, sa choiste agus sa suí iomlánach araon, ó thaobh trédhearcachta, comhair agus obair leantach éifeachtach ar sheasaimh na Parlaiminte agus iarrataí ar thionscnaimh reachtacha? Maidir le tionscnaimh bheartaithe nó nósanna imeachta reatha, an bhfuil tú toilteanach faisnéis thráthúil agus doiciméid a sholáthar don Pharlaimint ar an mbonn comhionann céanna agus a dhéantar leis an gComhairle?*

Is mór an onóir dom athnuachan a dhéanamh ar mo thiomantas oibriú i gcomhar iomlán agus idirphlé iomlán a dhéanamh le Parlaimint na hEorpa (PE), má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir. Leathnófar an comhar sin chuig na céimeanna éagsúla de phróisis ceaptha beartas, reachtacha agus cur chun feidhme, chomh maith le hidirphlé polaitiúil níos leithne. Áiritheoidh mé freisin go gcoinneofar PE ar an eolas go rialta, ar comhchéim leis an gComhairle, maidir leis na forbairtí is déanaí a bhaineann leis na comhaid atá faoi mo shainchúraimí, agus go gcuirfear a tuairimí san áireamh go cuí sna próisis bheartais.

Is é an chéad ghealltanas atá agam, dá bhrí sin, lánurraim a thabhairt do chearta agus do shainphribhléidí na Parlaiminte sna próisis reachtacha. Measaim go bhfuil sé sin ríthábhachtach do dhlisteanacht dhaonlathach an tionscadail Eorpaigh, agus do phróiseas reachtach tapa fónta. Dá bhrí sin, beidh mé i láthair ag cruinnithe tríthaobhacha agus oibreoidh mé i ndlúthchomhar le Parlaimint na hEorpa chun sin a dhéanamh.

Creidim go láidir go mbeidh comhar a bhíonn ag éirí níos dlúithe i gcónaí idir an Pharlaimint agus an Coimisiún ríthábhachtach freisin dár n-iarrachtaí rialacha an Aontais a shimpliú, a chomhdhlúthú agus a chódú. San am céanna, beidh sé ríthábhachtach cur chun feidhme cuí dhlí an Aontais a áirithiú. Níl fiú tráithnín aon reachtaíocht mura gcuirtear i bhfeidhm ar bhealach ceart ar an talamh í, agus is féidir teacht ar neart réiteach ar fhadhbanna nua nó ar fhadhbanna a bhíonn ag teacht chun cinn arís agus arís eile ach a áirithiú go gcuirfear na rialacha atá ann cheana i bhfeidhm i gceart.

Dá bhrí sin, is é an dara gealltanas atá agam go gceapfaidh mé in éineacht libh an próiseas is fearr chun go n-oibreoidh an Pharlaimint agus an Coimisiún le chéile d'fhonn feabhas a chur ar chur chun feidhme rialacha, bheartais agus chuspóirí an Aontais, agus ar shimpliú ár ndlíthe – agus ár n-inniúlachtaí agus ár gcumhachtaí féin á n-urramú go hiomlán san am céanna. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, beidh mé ag brath ar idirphlé rialta maidir le cur chun feidhme mo chomhghleacaithe chun aiseolas a bhailiú ó pháirtithe leasmhara maidir leis an méid a bhfuil ag éirí go maith leis agus maidir leis an méid nach bhfuil. Deis a bheidh ansin machnamh a dhéanamh ar dhul chun cinn an chur chun feidhme, agus réimsí a shainaithint ar gá aird níos géire a thabhairt orthu, chun a áirithiú go mbeidh ag eascairt as ár ndlíthe na tairbhí lena bhfuiltear ag coinne uathu.

Ar an tríú dul síos, freastalóidh mé ar an idirphlé struchtúrtha leis na coistí parlaiminteacha freagracha chun bealach chun cinn a leagan amach le haghaidh aon rún faoi Airteagal 225 CFAE. Faoi cheannaireacht an Choimisinéara um an gCaidreamh agus an Trédhearcacht Idirinstitiúideach, leanfaidh mé – mar a rinne mé sa sainordú atá ann faoi láthair – de thiomantas an Choimisiúin freagairt do na rúin sin a chomhlíonadh le tograí reachtacha agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail na coimhdeachta, na comhréireachta agus na reachtóireachta níos fearr.

Ar an gceathrú dul síos, freastalóidh mé ar sheisiúin iomlánacha agus rachaidh mé i dteagmháil le Coistí ábhartha Pharlaimint na hEorpa mar chuid dár n-idirphlé rialta agus freagróidh mé d'iarrataí *ad hoc*, i réimsí chur chun feidhme an chreata rialachais eacnamaíoch, an tSeimeastair Eorpaigh, na hUirlise um Chomhordú Iomaíochais a bheidh ann amach anseo, agus chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (STA), cuir i gcás.

Cuirfidh mé an Pharlaimint ar an eolas faoi thorthaí an fhaireachais iltaobhaigh agus pléifidh mé an treoir bheartais a d'eisigh an Coimisiún do na Ballstáit, leanfaidh mé de bheith ag freastal ar an idirphlé rialta maidir leis an Seimeastar agus maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus tiocfaidh mé os comhair Pharlaimint na hEorpa chun cinntí agus moltaí ón gComhairle faoin Nós Imeachta um Easnamh Iomarcach a phlé, má iarrtar orm é sin a dhéanamh.

Ar an gcúigiú dul síos, i gcomhréir leis na forálacha dá bhforáiltear i ngach gníomh dlí, áiritheoidh mé trédhearcacht agus sreabhadh faisnéise le Parlaimint na hEorpa. Cuirfidh na malartuithe faisnéise sna 5 bliana amach romhainn leis na dea-chleachtais a bunaíodh le linn shainordú 2019-2024, is iad sin an Pharlaimint agus an Chomhairle ag fáil na faisnéise céanna go comhsheasmhach san am céanna. Mar shampla, faoi STA, roinn an Coimisiún níos mó ná 260 doiciméad leis an bParlaimint ó bunaíodh é, ina measc na pleananna téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh isteach agus modhnaíodh, an measúnú ón gCoimisiún orthu sin agus an fhaisnéis a soláthraíodh don Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais i gcomhthéacs na n-iarrataí íocaíochta.

Mar fhocal scoir, measaim go mbeidh an dlúth-idirphlé agus an dlúthchomhar le Parlaimint na hEorpa ríthábhachtach sna 5 bliana amach romhainn, chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais nua agus ar na riachtanais atá ag teacht chun cinn agus chun torthaí nithiúla a bhaint amach maidir le simpliú agus cur chun feidhme rialacha atá ann cheana. Measaim gur freagracht chomhpháirteach de chuid institiúidí uile an Aontais Eorpaigh iad na saincheisteanna sin.

Ceisteanna ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

**3. Cur chun feidhme an chreata rialachais eacnamaíoch athchóirithe**

*I bhfianaise theacht i bhfeidhm an chreata rialachais eacnamaíoch athbhreithnithe, conas a áiritheoidh tú go gcaithfear go cothrom leis na Ballstáit sa chleachtas, agus rialacha rialachais eacnamaíoch an Aontais á bhforfheidhmiú go hiomlán, go neamhchlaonta agus go neamhspleách ar aon tionchar polaitiúil? Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat airgeadas poiblí fónta agus inbhuanaithe a áirithiú, agus fás inbhuanaithe agus cuimsitheach á chur chun cinn ag an am céanna trí infheistíochtaí agus athchóirithe, go háirithe i bhfianaise chomhthéacsanna éagsúla eacnamaíocha agus leibhéil arda fiachais na mBallstát aonair?*

Mar gurb as Ballstát beag mé, táim níos íogaire do thábhacht na córa comhionainne. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, táim lántiomanta an creat rialachais eacnamaíoch athbhreithnithe a chur i bhfeidhm ar bhealach comhleanúnach cothrom, agus na rialacha a fhorfheidhmiú ar bhealach inchreidte trédhearcach. Ba mhaith liom a mheabhrú freisin go leanfaidh cur chun feidhme an chreata athchóirithe de bheith ag brath ar an staidreamh Eorpach ardcháilíochta neamhspleách a sholáthraíonn Eurostat.

Tá roinnt gnéithe sa chreat athbhreithnithe lena réitítear an gá atá le hinbhuanaitheacht fiachais a áirithiú agus an gá atá le hinfheistíochtaí agus athchóirithe chun fás inbhuanaithe cuimsitheach a chothú.

Ar an gcéad dul síos, cuirtear san áireamh sa chreat cás sonrach gach Ballstáit. Tugtar isteach leis cur chuige rioscabhunaithe, lena ndéantar idirdhealú idir na Ballstáit bunaithe ar a gcásanna macraifhioscacha aonair, faoi chreat coiteann trédhearcach. Le conairí coigeartaithe fioscacha ilbhliantúla agus difreáilte áirithítear laghduithe fiachais phoiblí de réir a chéile agus inchreidte, go dtagann fiachais le chéile i dtreo leibhéil stuama agus go bhfanann siad ag na leibhéil sin, agus go dtugtar easnaimh faoi bhun 3 % OTI agus go bhfanann siad ag an leibhéal sin. Beidh ceanglais choigeartaithe nach mbeidh chomh dian céanna ag na Ballstáit a bhfuil dúshláin ísle acu maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach, nó ní bheidh aon cheanglas coigeartaithe orthu in aon chor fiú, ag brath ar a gcás aonair.

Ar an dara dul síos, rud atá ábhartha i gcás na mBallstát a bhfuil dúshláin fhioscacha níos mó acu go háirithe, foráiltear leis an gcreat go bhféadfaí tréimhse choigeartaithe níos faide a bheith ann, má tá athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfeabhsaítear acmhainneacht fáis agus inbhuanaitheacht fhioscach agus lena bhfreagraítear do thosaíochtaí coiteanna an Aontais ina mbonn taca leis sin.

Ar an tríú dul síos, leis an gcreat nua déantar an caiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár atá á gcistiú ag an Aontas a chosaint, agus an caiteachas sin a fhágáil amach as an bpríomhtháscaire don fhaireachán fioscach. Fágann sé sin gur féidir leis na Ballstáit a gcaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár atá á gcistiú ag an Aontas a mhéadú, chun tacú le tionscadail infheistíochta gan difear a dhéanamh do chomhlíonadh na rialacha fioscacha.

Áirítear sa chreat athbhreithnithe roinnt gnéithe eile a thacóidh le cur chun feidhme comhleanúnach agus forfheidhmiú inchreidte. I dtaca leis an tsaoirse níos mó atá ag na Ballstáit a straitéis fhioscach, athchóirithe agus infheistíochta féin a leagan síos, tá sí i gcomhréir le nósanna imeachta forfheidhmithe atá neartaithe agus níos simplí. Ina theannta sin, beidh an cur chun feidhme bunaithe ar tháscaire oibriúcháin aonair, agus leis sin éascaítear measúnuithe ar chomhlíonadh.

Táim tiomanta Parlaimint na hEorpa a choinneáil rannpháirteach ar bhealach rialta agus struchtúrtha sna próisis faireacháin fhioscacha, agus sa Seimeastar Eorpach níos leithne, agus leanfaidh mé de bheidh tiomanta an méid sin a dhéanamh, i gcomhréir leis na forálacha atá ann cheana maidir le trédhearcacht agus cuntasacht.

**4. Infheistíocht agus Iomaíochas**

*De réir mar a thiocfaidh deireadh le Next Generation EU ag deireadh 2026, conas a rachaidh an Coimisiún nua i ngleic leis an éileamh ollmhór ar infheistíocht phoiblí, lena n-áirítear chun aghaidh a thabhairt ar bhearna tháirgiúlachta an Aontais, gan acmhainní buiséadacha i réimsí tábhachtacha eile a ghiorrú? Cén chaoi a bhfuil*

*sé i gceist agat iomaíochas agus táirgiúlacht gheilleagar an Aontais a mhéadú? Conas a thacóidh an Ciste Eorpach um Iomaíochas a fógraíodh?*

Tá infheistíocht an-ard i gceist leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, le cur chun feidhme thosaíochtaí comhroinnte an Aontais, lena n-áirítear i réimsí na cosanta agus na slándála, agus leis an dúshlán a bhaineann le fás táirgiúlachta an Aontais a mhéadú. Cé nach mór tacú leis an gcuid is mó den iarracht sin le cistiú príobháideach, beidh ról lárnach freisin ag acmhainní poiblí, mar shampla, ar leibhéal an Aontais, tríd an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) atá ann faoi láthair agus tríd an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile. Beidh gá le hinfheistíocht phoiblí chun caiteachas bonneagair a mhaoiniú, agus go háirithe chun idirghabháil a dhéanamh i réimsí ina mbíonn claonadh ag gníomhaithe príobháideacha leo féin tearcinfheistíocht a dhéanamh, mar shampla taighde bunúsach, nuálaíocht radacach agus tionscadail uile-Eorpacha ar mórscála, nó scileanna. Is féidir agus ba cheart airgead poiblí a úsáid chun infheistíocht phríobháideach a threorú, a ghiaráil agus a dhí-rioscú inár spriocanna coiteanna. Is ansin freisin a bheidh ról ríthábhachtach ag Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus ag institiúidí airgeadais, mar shampla, an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha chomh maith le bainc náisiúnta le haghaidh spreagadh maidir le hinfheistíochtaí príobháideacha a spreagadh agus a phlódú isteach chun tacú le cuspóirí beartais an Aontais agus le tosaíochtaí nua atá ag teacht chun cinn.

Ní mór dúinn a áirithiú freisin go mbeidh na hathchóirithe cearta agus na creatdálaí cuí i bhfeidhm. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún nua díriú ar infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha a spreagadh agus ar tháirgiúlacht a ardú. Má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Choimisinéir, rannchuideoidh mé leis an iarracht sin.

Is é an chéad tosaíocht a bheidh agam leanúint de bheith ag obair chun eisíocaíochtaí iomlána chistí na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a áirithiú faoi dheireadh 2026. Ar an gcaoi sin, leanfaidh mé de thacaíocht ghníomhach a thabhairt do na Ballstáit agus athchóirithe agus infheistíochtaí á gcur i gcrích acu. I gcomhthráth leis sin, oibreoidh an Coimisiún leis na Ballstáit chun dlús a chur le hionsú na gcistí comhtháthaithe atá ann cheana, rud a sholáthróidh acmhainní poiblí d’infheistíochtaí tar éis 2026.

Ar an dara dul síos, mar a cuireadh i dtábhacht faoi cheist 1, áiritheoidh mé go gcuirfear na rialacha fioscacha nua i bhfeidhm ar bhealach inchreidte cothrom. I gcomparáid leis na rialacha fioscacha a bhí ann roimhe seo, tá siad níos fabhraí d’infheistíocht phoiblí a mhéadú agus tá dreasachtaí iontu le haghaidh athchóirithe. Trína áirithiú go gcuirtear ár gcreat fioscach nua i bhfeidhm go fónta, is féidir linn cuidiú le costais chistiúcháin a choinneáil íseal do na Ballstáit. Tá sé sin ríthábhachtach d’infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha.

Ar an tríú dul síos, i mo ról mar Choimisinéir atá freagrach as simpliú agus cur chun feidhme, rannchuideoidh mé le timpeallacht rialála intuartha agus níos fabhraí do lucht gnó a chruthú, agus san am céanna leanfaidh mé d’aistriú dúbailte an Aontais a shaothrú. Tá creat dlíthiúil intuartha agus comhréireach ríthábhachtach chun an infheistíocht phríobháideach agus an nuálaíocht a spreagadh, ar réamhchoinníollacha iad d’fhás na táirgiúlachta.

Ar an gceathrú dul síos, leanfaidh buiséad an Aontais de bheith ina ábhar spreagtha tábhachtach d’iomaíochas na hEorpa. Ach ní mór dúinn é a dhéanamh níos simplí. Ní mór an chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile a dhearadh trí cheachtanna a fhoghlaim ón mbuiséad atá ann faoi láthair – go háirithe chun simplíocht, solúbthacht, luas agus fócas straitéiseach a fheabhsú, agus an cóineasú san Aontas á chaomhnú san am céanna.

Sa chomhthéacs sin, forbróidh an Coimisiún Ciste Eorpach um Iomaíochas chun infheistíocht a dhéanamh sa nuálaíocht agus sna teicneolaíochtaí a mhúnlóidh ár ngeilleagar amach anseo agus a spreagfaidh ár n-aistrithe. Beidh iomaíochas na hEorpa, agus a seasamh sa rás i dtreo geilleagar glan digiteach, ag brath ar thús a chur le ré nua nuálaíochta agus seiftiúlachta. Chuige sin, ní mór an taighde agus an nuálaíocht, an eolaíocht agus an teicneolaíocht a chur i gcroílár ár ngeilleagair, agus a áirithiú go gcuirfear in úsáid ar scála tionsclaíoch iad. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, ní mór ár n-uirlisí a bheith oiriúnach dá bhfeidhm. Inniu, tá caiteachas an Aontais, lena n-áirítear caiteachas ar mhaithe leis an iomaíochas, scaipthe ar an iomarca clár agus ionstraimí caiteachais. Mar thoradh air sin, tá an iliomad ceanglas éagsúil ann d’fhaighteoirí mar aon le hoibleagáidí tuairiscithe forluiteacha agus deacrachtaí maidir le cistiú a chomhcheangal go héifeachtach, mar a léirítear freisin i dtuarascáil Draghi.

Leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas a bheidh ann amach anseo, déanfar infheistíocht i dteicneolaíochtaí agus earnálacha straitéiseacha – ón intleacht shaorga go dtí an spás, ón teicneolaíocht ghlan go dtí an bhiteicneolaíocht – chun a áirithiú go bhforbraímid agus go monaraímid iad san Eoraip. Beidh air leas a bhaint as cumhacht spreagthóra bhuiséad an Aontais chun infheistíocht phríobháideach a ghiaráil agus a dhí-rioscú ar bhealach níos fearr inár spriocanna coiteanna. Agus an Ciste nua seo á bhunú, is féidir leis an gCoimisiún cur leis an taithí a fuair sé ó na hionstraimí a tháinig roimhe seo agus ó na hionstraimí atá ann faoi láthair. Tá sé ríthábhachtach cur leis an

gcomhpháirtíocht rathúil uile-Aontais sin leis an earnáil phríobháideach chun tacaíocht substaintiúil bhreise a chur ar fáil dár ngeilleagair, agus í á comhordú go dlúth go háirithe le Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha, agus le bainc náisiúnta le haghaidh spreagadh.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, forbróidh mé, i gcomhar leis an gCiste nua sin, Uirlis um Chomhordú Iomaíochais, mar a mholtar i dtuarascáil Draghi, chun cuspóirí iomaíochais uile-Aontais a aistriú ina mbeartais chomhordaithe náisiúnta agus AE, rud lena gcinnteofar maoiniú poiblí agus príobháideach do gach tosaíocht straitéiseach. Is é is cuspóir don uirlis sin treisiú a dhéanamh ar an gcomhleanúnachas idir acmhainneacht infheistíochta an Aontais agus na beartais náisiúnta sna Ballstáit; chun iad a ailíniú d'fhonn sraith choiteann tosaíochtaí a bhaint amach ionas go mbeidh siad ag treisiú a chéile. Leis sin, sholáthrófaí níos mó cinnteachta, intuarthachta agus scála sa Mhargadh Aonair, laghdófaí an ilroinnt agus chuideofaí chun an infheistíocht ollmhór a shlógadh, ar infheistíocht í a bhfuil gá léi le haghaidh chlár oibre an Aontais maidir leis an iomaíochas.

I ndlúthchomhar le Comhaltaí eile den Choláiste, déanfaimid machnamh ar an mbealach is fearr chun an uirlis nua seo a chomhlánú, a threisiú agus, i gcás inar féidir, rannchuidiú le cuíchóiriú a dhéanamh ar uirlisí rialachais atá ann cheana chun faireachán agus stiúradh a dhéanamh ar infheistíocht agus ar athchóirithe ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Táim ag smaoineamh, mar shampla, ar an Tuarascáil Bhliantúil ar an Margadh Aonair agus ar an Iomaíochas, ar an Deacáid Dhigiteach agus ar chreat rialachais an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide. Áiritheoimid go n-oibreoidh an uirlis nua go maith i gcomhar leis an Seimeastar Eorpach chun beartais eacnamaíocha agus fostaíochta a chomhordú, sineirgí a chruthú agus forluí a sheachaint.

Léirigh STA na tairbhí a bhaineann le hathchóirithe a chomhcheangal le hinfheistíochtaí agus le heisíocaíochtaí atá bunaithe ar aschuir agus torthaí réamhshainithe a bhaint amach, seachas ar na costais a tabhaíodh iarbhír. A bhuí leis an gcur chuige feidhmíochtbhunaithe sin, tá dlús mór curtha le cur chun feidhme athchóirithe tábhachtacha sna Ballstáit. Bhí an tacaíocht a thug an Coimisiún do na Ballstáit, mar shampla, tríd an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, tábhachtach chun feabhas a chur ar a gcumas athchóirithe a dhéanamh. Beidh sé sin fós ábhartha sna blianta amach romhainn, ós rud é go bhfuil roinnt athchóirithe fíor-riachtanach chun na creatdálaí a chruthú le haghaidh fás táirgiúlachta níos airde amach anseo. Mar shampla, na hathchóirithe sin a chuidíonn le timpeallacht atá níos fabhraí do lucht gnó, a sholáthraíonn dreasachtaí chun infheistíochtaí agus gníomhaíochtaí nuálacha a dhéanamh agus a éascaíonn ath-leithdháileadh acmhainní ar earnálacha ardtáirgiúlachta. San am céanna, beidh orainn tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun leanúint d'ualaí riaracháin a bhaineann le cur chun feidhme chistí an Aontais a laghdú, mar shampla, ualaí riaracháin a bhaineann le STA.

Ar deireadh, má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, treoróidh mé mo sheirbhísí chun rannchuidiú leis an anailís atá ina bonn le clár oibre iomaíochais an Aontais, agus mo sheirbhísí ag obair go dlúth le seirbhísí eile. Chun buntáiste iomaíoch na hEorpa a fháil ar ais, ní mór dúinn clár oibre comhleanúnach athchóirithe agus infheistíochtaí a shainaithint agus a shaothrú ar gach leibhéal: an leibhéal réigiúnach, an leibhéal náisiúnta agus ar fud an Aontais. Is ionstraimí tábhachtacha iad an Seimeastar Eorpach agus an uirlis nua um chomhordú iomaíochais chun an comhleanúnachas beartais sin a áirithiú.

**5. An Seimeastar Eorpach**

*Cad é do sheasamh maidir le fócas agus cuspóirí an tSeimeastair Eorpaigh, lena n-áirítear maidir le comhordú na mbeartas eacnamaíoch agus cóineasú marthanach fheidhmíocht eacnamaíoch na mBallstát, prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, agus an mhaoirseacht dhaonlathach a dhéantar air? Conas a leanfaidh an Coimisiún de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chomhtháthú sa Seimeastar Eorpach, mar a fógraíodh i do litir mhisin, chomh maith leis an gCreat um Chóineasú Sóisialta? Cén idirghníomhaíocht a bheadh idir an Creat Comhordaithe Iomaíochais a fógraíodh agus an Seimeastar Eorpach?*

Tá sé léirithe go bhfuil an Seimeastar Eorpach ina chreat solúbtha agus inoiriúnaithe chun ár mbeartais a chomhordú agus chun freagairt go pras d'athruithe sna dálaí eacnamaíocha, fostaíochta agus sóisialta. Leanfaidh ár gcomhordú faoin Seimeastar de bheith dírithe ar chuspóirí an Aontais maidir le fás agus fostaíocht atá inbhuanaithe agus cuimsitheach, agus an t-iomaíochas, an rathúnas, an inbhuanaitheacht agus an chothroime shóisialta á gcoimeád ina chroílár.

Ó bhí 2018 ann, comhtháthaíonn an Seimeastar Eorpach cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, a fheidhmíonn mar threoir chun dálaí oibre agus maireachtála níos fearr a bhaint amach ar fud na hEorpa, agus déantar faireachán ar an gcur chun feidhme sin leis. Leis an gcur chuige sin, neartaítear a thuilleadh an bhéim ar an gcomhtháthú sóisialta, ar an gcomhionannas agus ar fhorbairt inbhuanaithe ar fud na mBallstát. Sa chreat

rialachais eacnamaíoch athbhreithnithe a glacadh an t-earrach seo caite, leagtar béim níos mó ar athchóirithe agus ar infheistíochtaí lena dtugtar aghaidh ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais, mar shampla, Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, rud a threisíonn a ról a thuilleadh.

I dtimthriall Sheimeastar Eorpach 2024, rinneamar prionsabail an Chreata um Chóineasú Sóisialta a chomhtháthú freisin chun an measúnú ar rioscaí don chóineasú sóisialta aníos sna Ballstáit a neartú. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, ní stopfaidh mé de bheith tiomanta leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme bunaithe ar an Scórchlár Sóisialta, agus trí úsáid a bhaint as an gCreat um Chóineasú Sóisialta. Tá na prionsabail sin ina gcuid den chreat rialachais mhaicreacnamaíoch nua freisin, a cuireadh in oiriúint chun a áirithiú go bhfuil an t-airgeadas poiblí inbhuanaithe, agus go rannchuidíonn an beartas fioscach leis an iomaíochas, leis an bhfás agus leis an rathúnas – mar shampla, tríd an nasc idir cuspóirí fioscacha agus athchóirithe agus infheistíochtaí.

Rinne an Coimisiún Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) na Náisiún Aontaithe a chomhtháthú ina bheartais agus i gcreat an tSeimeastair Eorpaigh ó thimthriall 2020. Léiríonn sé sin tiomantas an Aontais Clár Oibre 2030 a bhaint amach sna beartais ábhartha uile chun rathúnas eacnamaíoch agus sóisialta a chur chun cinn san Eoraip ar bhealach inbhuanaithe. Agus sinn ag déanamh measúnú ar fheidhmíocht eacnamaíoch, ag sainaithint dúshláin struchtúracha, agus ag déanamh moltaí beartais, bhí SFInna na Náisiún Aontaithe ina dtreoir dúinn, agus leanfaidh siad de bheith ina dtreoir dúinn. Ina theannta sin, bhí sé ríthábhachtach – agus beidh sé ríthábhachtach fós – go mbeadh táscairí stóinsithe staidrimh agus faisnéis a sholáthair Eurostat ina mbonn taca le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme SFInna ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Sna blianta amach romhainn, a bhuí leis an gCóras Eorpach Cuntas Náisiúnta agus Réigiúnach a thabhairt cothrom le dáta, beifear in ann an fholláin shóisialta agus an inbhuanaitheacht chomhshaoil a chomhtháthú níos láidre i staidreamh an Aontais. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, áiritheoidh mé go leanfaidh an Coimisiún de mheasúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn an Aontais agus na mBallstát i dtreo SFInna a bhaint amach.

Mar gheall ar thionchar an athraithe aeráide agus an díghrádaithe comhshaoil ar ár sochaithe, tionchar atá ag méadú i gcónaí, tá gá le beart leanúnach cinntitheach. Dá bhrí sin, tá cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip fós ina bhunsprioc insoláthartha don chéad Choimisiún eile, agus déanaimid ár ndícheall na spriocanna agus na cuspóirí atá leagtha amach againn dúinn féin i dteannta a chéile a bhaint amach. Chuidigh ár gcomhordú ar bheartais faoin Seimeastar Eorpach le réimsí beartais ábhartha a stiúradh i dtreo ár gcuspóirí aeráide a bhaint amach. Mar shampla, thacaigh an Seimeastar Eorpach le freagairtí beartais atá dírithe ar an aistriú fuinnimh agus sainaithníodh riachtanais shonracha athchóirithe agus infheistíochta na mBallstát chun dul i ngleic le dúshláin sheanbhunaithe agus nua araon, mar shampla, praghsanna fuinnimh atá ag ardú, éifeachtúlacht fuinnimh fhoriomlán, bonneagar in-athnuaite agus fuinnimh, oiriúnú don athrú aeráide agus caomhnú ár gcomhshaoil agus ár n-acmhainní. Tá rún daingean agam a áirithiú go mbeidh an t-aistriú glas fós ina phríomhghné de straitéis iomaíochais an Aontais, go mbeidh sé comhleanúnach le fás táirgiúlachta níos láidre agus le cothroime shóisialta, agus go mbeidh timpeallacht mhaicreacnamaíoch chobhsaí ina bonn taca leis.

Neartóidh an Uirlis um Chomhordú Iomaíochais an comhleanúnachas idir acmhainneacht infheistíochta an Aontais agus beartais náisiúnta sna Ballstáit trína n-ailíniú ar bhonn sraith choiteann tosaíochtaí ionas go dtreiseoidh siad a chéile, rud dá dtagraítear i mo fhreagra ar cheist 4.

Ar deireadh, agus rud atá tábhachtach, tá cuntasacht agus formhaoirseacht dhaonlathach an chomhordaithe beartais agus an fhaireachais mhaicreacnamaíoch ríthábhachtach. Ceapadh an Seimeastar Eorpach chun aghaidh a thabhairt ar ábhair leasa choitinn, chun dul i ngleic leis na dúshláin is práinní agus chun ullmhacht agus athléimneacht an Aontais seo againne a mhéadú. Baineann fíorluach an tSeimeastair leis an deis éisteacht le páirtithe leasmhara agus gníomhú ar mhaithe le leas na hEorpa. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, dul i dteagmháil lenár gcomhpháirtithe sóisialta agus lenár sochaithe sibhialta, go háirithe Eorpaigh óga, más mian linn athrú fóinteach a dhéanamh sna réimsí is tábhachtaí dár muintir. Tá fíor-idirphlé beartais leis na Ballstáit agus leis na réigiúin ríthábhachtach chun cur chun feidhme éifeachtach a dhéanamh ar an láthair, go háirithe agus aghaidh á tabhairt ar dhúshláin chasta agus ar athchóirithe casta a dteastaíonn am lena n-aghaidh. Tá sé ríthábhachtach i gcónaí a áirithiú go nglacfaidh na Ballstáit freagracht as na moltaí beartais chun fíor-athchóirithe a a chur i gcrích, agus chun fíorathrú agus rathúnas a bhaint amach do shaoránaigh. Áiritheoidh mé go mbeidh idirphlé ann leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara, ní hamháin maidir leis na dúshláin a sainaithníodh, ach freisin maidir leis na gníomhaíochtaí beartais a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. Tá mé tiomanta misin theicniúla agus pholaitiúla chuig na Ballstáit a neartú, chun an comhar a fheabhsú a thuilleadh agus chun éifeachtacht na moltaí beartais a threisiú a thuilleadh. Ina theannta sin, má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, tiomnóidh mé mé féin d'idirphlé dlúth a chur chun cinn idir an Coimisiún agus Parlaimint na hEorpa maidir le rialachas

eacnamaíoch. Is deis iontach é an Seimeastar Eorpach le haghaidh dlúthchomhar maidir le beartais eacnamaíocha, fostaíochta agus shóisialta.

Ceisteanna ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

**6. Laghdú ualaí riaracháin agus tuairiscithe**

*Iarrtar ort i do litir mhisin moltaí a dhéanamh maidir leis na hualaí riaracháin agus tuairiscithe a eascraíonn as dlíthe agus beartais an Aontais a laghdú agus maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na seiceála maidir le FBManna agus iomaíochas. I do thuairim: (i) cad iad na príomhoibleagáidí riaracháin agus tuairiscithe a chuireann bac ar iomaíochas FBManna Eorpacha sa lá atá inniu ann agus (ii) cad iad na céimeanna ba cheart a dhéanamh maidir le digitiú, cuíchóiriú agus simpliú na n-oibleagáidí atá ann cheana chun an t-ualach sin a laghdú, ar bhonn fianaise-bhunaithe agus gan na spriocanna inbhuanaitheachta a chur i mbaol?*

Mar gheall ar ualach riaracháin iomarcach tá cur chun feidhme dhlí agus chláir an Aontais anásta do gach úsáideoir – údaráis phoiblí, cuideachtaí, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus saoránaigh araon. Go háirithe, cuireann sé bac ar tháirgiúlacht agus infheistíochtaí cuideachtaí, agus laghdaíonn sé cumas na hEorpa infheistíochtaí coigríche, cuideachtaí agus tallann a mhealladh.

Sa lá atá inniu ann, ní mór don Eoraip aghaidh a thabhairt ar dhúshlán iomaíochais a éilíonn orainn féachaint go criticiúil agus go hiomlánaíoch ar an tionchar a bhíonn ag rialacha an Aontais ar chumas cuideachtaí, go háirithe FBManna, oibriú, rochtain a fháil ar chistiú, infheistíocht a dhéanamh, nuálaíocht a dhéanamh agus a n-oibríochtaí a mhéadú san Eoraip. Ní mór dúinn timpeallacht rialála níos simplí agus níos fabhraí do lucht gnó a chruthú, gan ár spriocanna beartais ná ár gcaighdeáin a chur i mbaol. Ní mór dlíthe an Aontais Eorpaigh a bheith níos éasca a chur chun feidhme go praiticiúil. Chuige sin, ní mór aird níos fearr a thabhairt ar an tionchar atá ag dlíthe an Aontais ar fud na slabhraí soláthair, go háirithe ar FBManna. Le blianta beaga anuas, rinneamar dlíthe atá dírithe ar chuideachtaí móra ach, go praiticiúil, is ar FBManna a thiteann na hoibleagáidí freisin. Is príomh-shaincheist chasta chothrománach í seo ar mian liom obair a dhéanamh ina leith, in éineacht leis an bParlaimint, má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir.

Chun na spriocanna sin a bhaint amach, déanfaidh mé comhordú ar obair mo chomh-Choimisinéirí maidir le laghdú ualaigh, cur chun feidhme agus simpliú. I gcomhréir leis na Treoirlínte Polaitiúla ón Uachtarán von der Leyen, déanfaimid grinnscrúdú ar an *acquis* ina iomláine. Áiritheoidh mé go ndíreoimid ár n-iarrachtaí agus go ndéanfaimid obair leantach ar dtús ar na príomhthosaíochtaí a sainaithníodh i dtuarascálacha Draghi agus Letta, agus sna comhairliúcháin a rinne an Coimisiún le déanaí. I ndáil leis sin, oibreoidh mé freisin leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Rathúnas agus Straitéis Thionsclaíoch chun laghdú a dhéanamh ar na bacainní iomadúla a ilroinneann ár Margadh Aonair arís agus arís eile agus a chuireann cosc ar FBManna fás agus méadú san Eoraip.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, cuirfidh mé i bhfeidhm go pras na huirlisí nua simpliúcháin agus cur chun feidhme atá leagtha amach sna Treoirlínte Polaitiúla (féach freisin na freagraí ar cheisteanna 7 agus 11). Áiritheoidh mé go mbeidh na huirlisí sin úsáideoir-lárnach. Tacóidh mé le mo chomhghleacaithe tástáil struis a dhéanamh ar an *acquis*, obair a bhfuil siad freagrach aisti, agus féachfaidh mé le rialacha atá imithe i léig, dúblach, iomarcach agus neamhéifeachtúil a bhaint, mar shampla, rialacha maidir le ceanglais tuairiscithe. Leanfaidh mé de na hardchaighdeáin atá againn, rialáil níos fearr, prionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta a urramú. Beidh sé sin bunaithe i gcónaí ar anailís chríochnúil agus ar aiseolas a bhailiú ó chuideachtaí, lena n-áirítear FBManna, agus ó pháirtithe leasmhara.

Is é an toradh a bheidh air sin sraith beart spriocdhírithe maidir le simpliú ar fud earnálacha iomlána *acquis* an Aontais. Bearta reachtacha a bheidh i gcuid de na bearta sin agus soiléirithe teicniúla agus treoraíocht a bheidh i gcuid eile acu. Iarrfar ar údaráis agus ar ghníomhaireachtaí Eorpacha rannchuidiú leis na hiarrachtaí sin freisin. Le himeacht ama, áiritheoidh sé sin go mbeidh sé níos éasca ár ndlíthe a chur chun feidhme agus go gcuirfear fás inbhuanaithe, iomaíochas agus rathúnas comhroinnte chun cinn san Eoraip ar bhealach níos fearr.

I dtaca leis an digitiú, táim lántiomanta a acmhainneacht a ghiaráil: is modhanna fíor-riachtanacha iad an intleacht shaorga, caighdeánú, agus uathoibriú sonraí chun ualaí rialála a íoslaghdú. Beidh mé ar an airdeall chun a áirithiú go gcuirfidh tograí nua ón gCoimisiún leis an bprionsabal 'digiteach mar réamhshocrú' agus prionsabal 'na haonuaire', chun an t-ualach riaracháin a bheidh ann amach anseo a íoslaghdú. Tabharfaidh ár dtástálacha struis ar an reachtaíocht atá ann cheana aird ar leith freisin ar réiteach digiteach a thabhairt isteach chun teacht in ionad páipéir. Is é an aidhm a bheidh agam tuairisciú caighdeánaithe sonraíbhunaithe a chur in ionad tuairisciú

foirmbhunaithe chun go mbeifear in ann brath níos mó ar uirlisí uathoibrithe atá idir-inoibritheach. Chuige sin, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin ainmnithe um Cheannasacht Teicneolaíochta, Slándáil agus an Daonlathas.

Oibreoimid freisin leis na Coimisinéirí freagracha chun tionscnaimh dhigiteacha a chur i gcrích a fhágfaidh go mbeidh obair cuideachtaí, go háirithe FBManna, agus saol daoine níos éasca, mar shampla, úsáid ríomhardán a leathnú chun sonraí a bhailiú agus a chomhroinnt d'fhonn tuairisciú agus gnó a dhéanamh, agus déanfaimid ár gcuid oibre ar spásanna sonraí, tiachóg dhigiteach agus réitigh dhigiteacha eile a sholáthraíonn an Coimisiún do riaracháin agus do ghnólachtaí a thabhairt chun cinn. Beidh sé tábhachtach freisin go dtiocfaidh na comhreachtóirí ar chomhaontú go tapa maidir le tionscnaimh ábhartha atá ar feitheamh, mar shampla, CBL sa ré dhigiteach agus ríomhshonrascadh.

Agus ar deireadh, forbróidh mé agus áiritheoidh mé go gcuirfear seiceáil threisithe maidir le FBManna agus iomaíochas i bhfeidhm go comhsheasmhach i leith gach tionscnaimh reachtaigh nua.

**7. Cur Chun Feidhme agus simpliú**

*Chun é a dhéanamh níos fusa gnó a dhéanamh agus chun an margadh aonair a dhoimhniú, cuireann an tUachtarán toghaí de chúram ar gach Coimisinéir reachtaíocht a shimpliú agus a chur chun feidhme, mar a leagtar amach ina Treoirlínte Polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile 2024-2029. I measc litreacha misin na gCoimisinéirí ainmnithe, áirítear fócas cothrománach ar shimpliú agus ar chur chun feidhme ar fud na sainchúraimí go léir. I gcomhthéacs an tsimplithe, cuspóir trasearnálach i ngach sainchúram is ea 'oibleagáidí tuairiscithe a laghdú faoi 25% ar a laghad - agus faoi 35% ar a laghad i gcás FBManna'. Áireofar ar na cúraimí cothrománacha sin freisin idirphlé maidir le cur chun feidhme le páirtithe leasmhara agus tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn a ullmhú maidir le forfheidhmiú agus cur chun feidhme sna réimsí a chumhdaítear le gach Coimisinéir, a mbeidh baint dhíreach ag an gCoimisinéir um Chur Chun Feidhme agus Simpliú lena gcomhordú agus lena n-ullmhú.*

*Chun na cuspóirí cothrománacha sin a bhaint amach, an bhféadfá tuilleadh eolais a thabhairt faoin gcaoi a mbeidh na bearta sonracha agus an mhodheolaíocht atá beartaithe agat a dhéanamh agus a chur i bhfeidhm sa chomhthéacs sin nuálach i ndáil leis an gclár oibre maidir le rialáil níos fearr, lena n-áirítear conas a bheidh baint ag na tuarascálacha earnála ar dhul chun cinn a luaitear thuas leis an tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún maidir le faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm dhlí an Aontais Eorpaigh, conas a dhéanfar faireachán tráthúil ar an gcur chun feidhme náisiúnta agus conas a dhéanfar gníomhaíocht forfheidhmithe iomchuí i ndiaidh an neamhchomhlíonta shainaitheanta?*

De réir Threoirlínte Polaitiúla an Uachtaráin, beidh cur chun feidhme agus simpliú ar na príomhthosaíochtaí don Choimisiún nua. Tá roinnt dlíthe i bhfeidhm ag an Aontas anois lenar leagadh síos spriocanna uaillmhianacha. Mar shampla: an pacáiste 'Oiriúnach do 55', an Deacáid Dhigiteach, na spriocanna maidir le fostaíocht, scileanna agus bochtaineacht faoi Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe uile, leagtar síos leo spriocanna uimhriúla, atá le baint amach go minic faoi 2030. Beidh gá le hiarracht chomhpháirteach chun na cuspóirí uaillmhianacha atá comhaontaithe ag an Aontas a bhaint amach. Ó thaobh an Choimisiúin de, oibreoidh an Coláiste ina iomláine chun na críche sin.

Mar a luaigh mé sa fhreagra a thug mé roimhe seo, cuirfidh mé i bhfeidhm go pras na huirlisí nua simpliúcháin agus cur chun feidhme a leagtar amach sna Treoirlínte Polaitiúla. Déanfaidh mé maoirseacht ar an bpróiseas chun tástáil struis a dhéanamh ar na rialacha atá ann faoi láthair a dhéanfaidh gach Coimisinéir agus roinn, agus comhordóidh mé obair le mo chomh-Choimisinéirí chun tograí a dhéanamh arb é is aidhm dóibh na rialacha sin a shimpliú, a chomhdhlúthú agus a chódú.

Chun bonn eolais a chur faoin tástáil struis sin, tabharfaidh an Coimisiún isteach dhá uirlis nua: Idirphlé maidir le Cur Chun Feidhme le páirtithe leasmhara a reáchtálfaidh gach Comhalta den Choláiste dhá uair sa bhliain ar a laghad, agus Seiceálacha Réaltachta ar an gcaoi a gcuireann cuideachtaí agus riaracháin rialacha i bhfeidhm ar an láthair. Agus sinn ag cur leis na torthaí, cuirfimid i láthair tograí sonracha chun ualaí a shimpliú agus a laghdú agus tarraingeoimid liosta de mheastóireachtaí suas atá le cur i láthair in éineacht le clár oibre an Choimisiúin gach bliain. Breathnófar sna meastóireachtaí sin ar phíosaí aonair reachtaíochta nó ar roinnt píosaí reachtaíochta atá ábhartha d'earnálacha nó do réimsí áirithe (seiceálacha oiriúnachta).

Cuideoidh an próiseas sin linn freisin an gealltanas a chomhlíonadh maidir le ceanglais tuairiscithe a laghdú 25 % ar a laghad agus 35 % ar a laghad i gcás FBManna go sonrach. Mar ullmhúchán dó sin, áiritheoidh mé go mbeidh

bonnlíne inchreidte againn. Ba mhaith liom fíordhifríocht a dhéanamh d'fhiontraithe agus do pháirtithe leasmhara eile trína gcuid ama a shaoradh ionas gur féidir leo díriú ar nuálaíocht, a ngnó a leathnú agus níos mó post a chruthú san Eoraip.

Tabharfaimid tuairisc ar an dul chun cinn, ó thaobh na polaitíochta agus na teicneolaíochta araon, do Pharlaimint na hEorpa. Ullmhóidh na Coimisinéirí tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn maidir le forfheidhmiú agus cur chun feidhme agus cuirfidh siad faoi bhráid Choistí Pharlaimint na hEorpa agus fhoirmíochtaí na Comhairle ábhartha iad. Déanfaidh mé comhordú ar na hiarrachtaí sin chun a áirithiú go ndéanfar obair leantach iomchuí ar an bplé.

Maidir le cur chun feidhme, oibreoidh mé chun cur i gcrích ár mbeartas ar an láthair a éascú. Is éard atá i gceist leis sin tacú leis na Ballstáit ach a bheith réidh freisin chun gníomhaíocht a dhéanamh maidir le forfheidhmiú. Is é an cuspóir atá againn freisin uas-scálú a dhéanamh ar bhearta tacaíochta praiticiúla agus teicniúla do na Ballstáit, mar shampla leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, agus níos mó gníomhaithe de chuid an Aontais a thabhairt isteach maidir le tús áite a thabhairt don chur chun feidhme agus é a dhreasú. Éascófar cur chun feidhme trí iarrachtaí méadaithe chun cosc a chur ar theacht chun cinn saincheisteanna ar an gcéad dul síos, trí chomhar níos dlúithe leis na Ballstáit. Leis na hIdirphléití maidir le Cur Chun Feidhme, sainaithneofar freisin na bacainní ar chur chun feidhme agus an bealach is fearr chun aghaidh a thabhairt orthu.

Beidh nósanna imeachta um shárú fós ina n-uirlis thábhachtach. Ní bheidh aon drogall orainn leas a bhaint astu nuair is léir nach bhfuil Ballstát toilteanach rialacha a comhaontaíodh a chur chun feidhme. Leanfaimid de ghníomhaíocht forfheidhmithe a dhéanamh nuair a shainaithnímid sáruithe sistéamacha ar dhlí an Aontais. Anois tá níos mó ná 1 500 nós imeachta um shárú ar siúl. In 2023 chinn an Coimisiún an líon cásanna ba mhó riamh a raibh smachtbhannaí airgeadais ag teastáil ina leith a thabhairt os comhair na Cúirte (45).

**8. Athnuachan ar Chomhaontú 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr**

*I gcomhthéacs reachtaíocht agus a cur chun feidhme a shimpliú agus a chuíchóiriú, molann an tUachtarán toghaí, ina Treoirlínte Polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile 2024-2029, Comhaontú Idirinstitiúideach 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr a 'athnuachan' 'ionas go ndéanfaidh gach institiúid measúnú ar thionchar agus ar chostas a leasuithe ar an mbealach céanna'. Ceann de na cúraimí sonracha a thabharfar don Choimisinéir um Chur Chun Feidhme agus Simpliú is ea an chaibidlíocht maidir le 'comhaontú idirinstitiúideach athnuaite' a stiúradh.*

*Cad iad na hathbhreithnithe sonracha ar an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr atá beartaithe agat a mholadh, lena n-áirítear maidir le neamhspleáchas agus trédhearcacht na measúnuithe tionchair agus ról an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála, agus maidir le gealltanas an Choimisiúin teacht roimh thogra i bhfírinne trí mheasúnú tionchair a dhéanamh nuair a cheanglaítear sin leis an gclár oibre maidir le rialáil níos fearr, agus conas a bheidh tionchar ag na hathbhreithnithe sin ar éifeachtúlacht an phróisis reachtaigh agus ar chothromaíocht na gcumhachtaí cinnteoireachta?*

Beagnach 10 mbliana ó shin tháinig na trí institiúid le chéile chun ár dtiomantas do cheapadh beartais atá trédhearcach agus bunaithe ar fhianaise a oibríochtú. Tráth fiúntach a bhí ann nuair a ghlacamar freagracht chomhpháirteach as reachtaíocht ardcháilíochta de chuid an Aontais a chur ar fáil lena mbaintear amach a cuspóirí beartais.

Leis an gcomhaontú sin, tá struchtúr curtha ar ár gcomhar agus aistríodh ár dtiomantas comhroinnte chun feabhas a chur ar an gcaoi a ndéanann an tAontas dlíthe, trína áirithiú go bhfuil na trí institiúid tiomanta do chomhar dílis trédhearcach ar feadh an timthrialla reachtaigh ar fad. Aithnítear agus athdhearbhaítear sa chomhaontú an ról ríthábhachtach agus an fhreagracht dhaonlathach atá ag Parlaimint na hEorpa maidir le rialáil níos fearr, clársceidealú, trédhearcacht agus comhordú, dul ar iontaoibh gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme, chomh maith le simpliú.

Le blianta beaga anuas, chuireamar go leor forálacha den chomhaontú chun feidhme, mar shampla maidir leis an idirphlé le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle, roimh ghlacadh an chláir oibre agus tar éis a ghlactha, i gcomhthéacs an chlársceidealaithe bhliantúil nó maidir le gealltanais an Choimisiúin measúnú tionchair agus meastóireachtaí a dhéanamh. De réir an mheasúnaithe a rinneamar d'oibrigh an comhaontú go maith den chuid is mó.

Mar sin féin, agus de réir na dTreoirlínte Polaitiúla, creidim gur féidir é a neartú, go háirithe maidir le prionsabail agus cuspóirí rialála níos fearr agus simpliúcháin a chur i bhfeidhm. Príomhthosaíocht dúinn is ea bealaí pragmatacha a aimsiú chun a áirithiú go ndéanfaidh gach institiúid measúnuithe comhréireacha ar thionchair i ndáil lena leasuithe substaintiúla ar an togra ón gCoimisiún. Dá bhrí sin, molfaidh mé go n-oibreoimid le chéile chun teacht ar chomhthuiscint ar a bhfuil i gceist le leasuithe substaintiúla agus chun raon feidhme níos fearr a thabhairt dá measúnú. Ba mhaith liom oibriú leat freisin d'fhonn modheolaíocht choiteann a aimsiú chun measúnú a dhéanamh ar thionchair agus costais. Chuirfeadh sé sin feabhas ar cháilíocht na faisnéise atá le fáil do na comhreachtóirí le linn an phróisis reachtaigh, gan srian ná bac a chur ar a sainchumais pholaitiúla.

Tá muinín agam, trí oibriú le chéile, go mbeimid in ann teacht ar réitigh phraiticiúla chun na spriocanna sin a bhaint amach, agus trédhearcacht iomlán agus urraim iomlán do phrionsabail dhaonlathacha ár bpróisis reachtaigh agus tionchar teoranta ar fhad na nósanna imeachta reachtacha ina gcuid de na réitigh sin.

Táim tiomanta a áirithiú go n-urramóidh mo chomh-Choimisinéirí an gealltanas sa chomhaontú go mbeidh measúnuithe tionchair ag gabháil le tograí nua a mbeidh tionchair mhóra eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil acu, ar measúnuithe iad lena bhfiosrófar conas spriocanna beartais a bhaint amach go héifeachtúil agus go trédhearcach.

Leanfaidh an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála de sheiceáil cáilíochta oibiachtúil a dhéanamh ar mheasúnuithe tionchair an Choimisiúin, i gcomhréir leis an bhforáil ábhartha sa chomhaontú. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, beidh mé lántiomanta seasamh le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht an Bhoird agus leis an dea-chleachtas gan measúnuithe tionchair ná comhaid mheastóireachta a phlé le páirtithe leasmhara aonair. Thug an Bord tacaíocht luachmhar do phróiseas cinnteoireachta an Choimisiúin, ag cinntiú go bhfuil measúnuithe tionchair, meastóireachtaí agus seiceálacha oiriúnachta ar ardchaighdeán bunaithe ar fhianaise dhaingean ina mbonn eolais do thograí an Choláiste. Ní mór dúinn an méid atá bainte amach againn ó thosaíomar a threisiú, agus é sin a dhéanamh trí bhíthin rialú cáilíochta rialála a dhéantar go gairmiúil agus go neamhchlaonta. Áiritheoimid, aon tráth, go mbeidh an Bord comhdhéanta de Chomhaltaí a bhfuil saineolas fairsing acu ar na trí phríomhréimse anailíse: na réimsí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil. Is ráthaíocht bhreise é a chomhdhéanamh cothrom go ndéanfar grinnscrúdú ar phríomhthionchair tograí trí anailís chríochnúil a dhéanamh orthu.

Ina theannta sin, tá an-tábhacht ag baint leis an trédhearcacht. Áiritheoidh mé go mbeidh fianaise agus tuairimí foluiteacha uile an Bhoird ar fáil leis an togra chun na caighdeáin trédhearcachta is airde a áirithiú agus an spás cinnteoireachta á chaomhnú san am céanna.

<u>Ceist ón gCoiste um Buiséid</u>

*9. Tá cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta ag dul ar gcúl, rud a fhágann go bhfuil an baol ann go gcaillfear cistí de chuid an Aontais.*

*Cad iad na pleananna atá agat chun dlús a chur le cur chun feidhme na Saoráide agus cáilíocht an chur chun feidhme agus urraim don chreat dlíthiúil is infheidhme á n-áirithiú ag an am céanna, go háirithe i bhfianaise Thuarascáil Speisialta 13/2024 ón gCúirt Iniúchóirí? Cad iad na ceachtanna a mbaineann tú leas astu ón taithí a bhí agat roimhe seo, cad a d'oibrigh, cad is gá a fheabhsú agus an ionstraim seo á dearadh chun breisluach, cóimheá réigiúnach agus urraim do róil idirinstitiúideacha a áirithiú?*

Bhí cuid mhór den chéad leath de shaolré na Saoráide dírithe ar na 27 bplean téarnaimh agus athléimneachta a chaibidliú agus a ghlacadh; ansin, go gairid ina dhiaidh sin, díríodh ar athbhreithniú substainteach a dhéanamh ar na pleananna sin chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin nua a d'eascair as an ngéarchéim fuinnimh arbh í fogha gan chúis na Rúise faoin Úcráin ba chúis léi. D'ainneoin líon na ngéarchéimeanna sin nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo i dtréimhse ghearr ama, tá cur chun feidhme STA ar an mbóthar ceart den chuid is mó. Cuireadh tús leis in 2021 agus tá níos mó ná 50 % de na deontais a leithdháileadh ar na pleananna formheasta á n-ionsú againn cheana féin; agus tá an leibhéal ionsaithe ag 41 % san iomlán, agus deontais agus iasachtaí araon á gcur san áireamh, tar éis do na Ballstáit 1 682 gharsprioc agus sprioc a bhaint amach. Tá dlús mór curtha le luas na n-iarratas ar íocaíocht freisin ó cuireadh an t-athbhreithniú ar na pleananna a bhaineann le tabhairt isteach chaibidlí REPowerEU chun críche anuraidh (ó 23 iarratas ar íocaíocht in 2023 go 45 iarratas mheasta in 2024). Faoi dheireadh 2024, measaimid go mbeidh EUR 300 billiún eisíoctha ar an iomlán ó bunaíodh an tSaoráid, is é sin beagnach leath d'imchlúdach STA atá geallta. San am céanna, tá amlíne na Saoráide an-teoranta, agus mar sin tá sé tábhachtach go gcuirfear dlús breise leis an gcur chun feidhme. Dá bhrí sin, ba cheart dúinn díriú go comhchoiteann ar na pleananna téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme in am, agus ar a áirithiú go gcuirfear STA chun feidhme go rathúil faoi dheireadh 2026.

Mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Gheilleagar a Fhóireann do Dhaoine, d'áirithigh mé go ndéanann an Coimisiún dlúthfhaireachán ar chur chun feidhme STA i ngach Ballstát, mar shampla trí dhul i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, agus d'oibrigh mé go dian leo chun saincheisteanna atá ag teacht chun cinn a réiteach agus moilleanna a chosc nó a laghdú. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir um an nGeilleagar agus Táirgiúlacht, áiritheoidh mé go leanfar de na hiarrachtaí sna réimsí sin agus go ndéanfar ár gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara agus le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a dhoimhniú.

Is gá dlús breise a chur le hionsú, ach níor cheart sin a dhéanamh má fhágann sé go laghdófar cáilíocht ár measúnuithe ar chomhlíonadh sásúil na ngarspriocanna agus na spriocanna, ná níor cheart sin a dhéanamh trí athbhreithniú a dhéanamh ar na pleananna atá ann cheana chun a leibhéal uaillmhéine a laghdú. I gcás ina mbeidh sé úsáideach chun dlús a chur leis an gcur chun feidhme, is féidir leis na Ballstáit athruithe spriocdhírithe ar a bplean a iarraidh agus tacóidh an Coimisiún leis na hathbhreithnithe sin. Chuige sin, rinneamar bearta le déanaí chun an próiseas chun na pleananna a leasú a shimpliú agus shoiléiríomar na coinníollacha faoinar féidir leis na Ballstáit athruithe a iarraidh chun an t-ualach riaracháin a laghdú agus chun cur chun feidhme bhearta STA a shimpliú. I gcás saincheisteanna níos bunúsaí, is féidir leis na Ballstáit a iarraidh freisin a bplean a athrú, mar shampla bearta eile a chur in ionad bearta iomlána, ar choinníoll nach n-ísleofar an uaillmhian tosaigh, agus go gcomhlíonfar na critéir mheasúnaithe uile fós, agus sa chás sin amháin. Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag obair leis na Ballstáit chun teacht ar réitigh lena n-áiritheofar go mbeidh na pleananna ar ardchaighdeán i gcónaí agus gur féidir iad a chur chun feidhme in am.

Le linn roinnt iniúchtaí, d'aithin Cúirt Iniúchóirí na hEorpa fiúntais STA agus chuir sí i dtábhacht roinnt réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú. Le déanaí cháin sé an méid a mheasann sé a bheith ina eisíocaíocht mhall agus ionsú mall cistí STA, cé nár bhreithnigh an Chúirt ina hanailís an luasghéarú agus an dul chun cinn mór maidir le heisíocaíocht in 2024. Ghlac an Coimisiún le formhór na moltaí a d'eisigh an Chúirt maidir le STA agus chuir sé chun feidhme iad.

Léirigh na ceachtanna a foghlaimíodh ó STA a éifeachtaí a bhí cistí STA chun tacú le tosaíochtaí coiteanna an Aontais agus le cur chun feidhme príomh-athchóirithe struchtúracha a rabhthas ag súil leo le fada. Léiríodh sna pleananna uaillmhianacha téarnaimh agus athléimneachta go bhfuil dul chun cinn déanta i ngach ceann de na sé cholún lena sainítear raon feidhme na Saoráide, go háirithe an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach agus an cóineasú socheacnamaíoch. Cruthaíodh STA agus dhá phríomhchuspóir á gcur san áireamh: tacú leis an téarnamh agus an athléimneacht a fheabhsú.

Maidir leis an gcéad chuspóir, tacú leis an téarnamh: is cóir a rá gur éirigh le STA. Chuidigh sé le hinfheistíocht phoiblí a mhéadú, rud nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo i ndiaidh géarchéime, laghdaigh sé raonta difríochta ceannasacha, agus chuir sé iontaoibh as an nua san Aontas, rud a raibh géarghá leis ag tús na géarchéime. Ag féachaint chun cinn, meastar go méadóidh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí faoi STA acmhainneacht fáis na mBallstát a thuilleadh. Cé nach mbeimid in ann measúnú iomlán a dhéanamh air sin go dtí dáta níos déanaí, tá go leor samplaí ann d'infheistíochtaí agus d'athchóirithe atá curtha chun feidhme cheana féin agus ar léir go bhfuil difríocht dhearfach á déanamh acu ar an láthair.

Maidir leis an dara cuspóir, an athléimneacht a fheabhsú: tá STA ag tacú le hiarrachtaí athchóirithe nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ar fud an Aontais. Léirigh sé na tairbhí a bhaineann le hathchóirithe a chomhcheangal le hinfheistíochtaí agus le heisíocaíochtaí atá bunaithe ar aschuir agus torthaí sonracha a bhaint amach, seachas ar na costais a tabhaíodh. Mar thoradh air sin, tá méadú mór tagtha cheana féin ar chur chun feidhme príomh-athchóirithe, i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais, ar thacaigh an tAontas leo go minic le blianta fada faoin Seimeastar Eorpach. Mar shampla, gan amhras tá an sciar mhór de bhearta glasa agus digiteacha i ngach plean ina spreagadh le haghaidh an dá aistriú san Eoraip, agus le hinfheistíochtaí san oideachas, san athsciliú agus san uas-sciliú, beidh lucht saothair na hEorpa níos athléimní in aghaidh dálaí an mhargaidh atá ag athrú.

Léirigh STA freisin go bhfuil sé solúbtha chun dul in oiriúint do dhúshláin atá ag teacht chun cinn, a bhuí lena raon feidhme leathan agus le sraith aonair rialacha. San am céanna, ar ndóigh, tá ceachtanna le foghlaim agus léiríodh sa mheastóireacht mheántéarma ar STA go bhféadfaí feabhas a chur ar chúrsaí fós. Go háirithe, ní mór dúinn an gá atá le trédhearcacht agus simpliú a shásamh a thuilleadh. Tá sonraí ar fáil go poiblí anois maidir leis an 100 faighteoir deiridh is mó faoi STA in aghaidh an Bhallstáit, agus tá na sonraí sin á nuashonrú faoi dhó sa bhliain. Cruthaíodh scórchlár poiblí agus léarscáil tionscadail ina bhfuil sonraí mionsonraithe maidir le cur chun feidhme. Don todhchaí, leanfaidh an Coimisiún de mhachnamh a dhéanamh ar aon fhéidearthacht chun trédhearcacht a fheabhsú atá i gcomhréir le Rialachán STA, agus aird chuí á tabhairt ar an ualach riaracháin.

Maidir leis an gcothromaíocht réigiúnach, a bhuí le heochair leithdháilte agus fócas STA ar aghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha faoin Seimeastar Eorpach agus faoi thosaíochtaí coiteanna an Aontais, rannchuidigh sé le dibhéirseacht eacnamaíoch agus shóisialta a sheachaint tar éis na paindéime agus meastar go neartóidh sé cóineasú ar fud an Aontais. Mar sin féin, níl gné réigiúnach STA forbartha go cothrom i ngach plean náisiúnta agus in go leor cásanna níl sí láidir go leor, toisc gur ullmhaíodh pleananna náisiúnta in imthosca eisceachtúla. Mar sin féin, is gníomhaithe agus tairbhithe riachtanacha iad páirtithe leasmhara réigiúnacha agus áitiúla maidir le hathchóirithe agus infheistíochtaí STA a chur i gcrích. Dá réir sin, ba cheart tacaíocht leordhóthanach a thabhairt dá rannpháirtíocht i gcur chun feidhme na Saoráide, agus dá n-acmhainneacht riaracháin.

Ag féachaint chun cinn ar an gcéad bhuiséad fadtéarmach eile de chuid an Aontais, d’fhéadfadh an Coimisiún inspioráid a fháil ó chuid de ghnéithe rathúla STA agus a thograí á ndéanamh aige, mar shampla, trí athchóirithe agus infheistíochtaí a nascadh. Gné amháin de STA a d’fhéadfaí a fheabhsú is ea tionscadail trasteorann a éascú. Cé go bhfuil roinnt beart a bhaineann le Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta, agus bearta trasteorann i gcaibidlí REPowerEU, níor chuir rialachas náisiúnta na Saoráide an comhar trasteorann chun cinn go leordhóthanach. San am céanna, tá sé tábhachtach freisin seasamh go hiomlán le prionsabal na comhpháirtíochta agus le ról na n-údarás réigiúnach agus áitiúil, agus an príomhchuspóir a chaomhnú, is é sin éagothromaíochtaí réigiúnacha a laghdú mar atá cumhdaithe sa Chonradh.

Maidir le comhar idirinstitiúideach i ndáil le cur chun feidhme STA, bhí an Coimisiún ag obair go dlúth leis an bParlaimint agus leis an gComhairle. Bhí sé de phribhléid agam ionadaíocht a dhéanamh ar an gCoimisiún, in éineacht leis an gCoimisinéir um an nGeilleagar, comhghleacaí liom, i ngach ceann de na 16 Idirphlé maidir le Téarnamh agus Athléimneacht leis an bParlaimint, agus d’fhreastail seirbhísí an Choimisiúin ar níos mó ná 30 cruinniú de mheitheal STA na Parlaiminte. Sholáthair an Coimisiún faisnéis thráthúil chuimsitheach maidir le cur chun feidhme don Pharlaimint go laethúil freisin. Téann an leibhéal rannpháirtíochta sin níos faide ná na ceanglais fhoirmiúla tuairiscithe agus chuntasachta atá leagtha síos sa Rialachán lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Choimisinéir, áiritheoidh mé go leanfaidh an Coimisiún de STA a chur chun feidhme ar an mbealach is trédhearcaí agus is cuntasaí agus agus oibreoidh mé leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Chomhtháthú agus Athchóirithe chun na críche sin.

<u>Ceist ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta</u>

*10. Conas a chinnteoidh tú go gcuideoidh cur chun feidhme an chláir oibre maidir le rialáil níos fearr le feabhas a chur ar staid na fostaíochta ar fud an Aontais, go n-áiritheoidh sé acquis dhlí saothair an Aontais agus nach mbeidh cearta fostaíochta agus caighdeáin shóisialta níos ísle mar thoradh air ná nach gcuirfidh sé cosc ar thuilleadh tionscnaimh reachtacha agus ar chur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear a phríomhspriocanna? Cad iad na bearta nithiúla a dhéanfaidh tú chun an faireachán ar chóineasú sóisialta aníos san Aontas a neartú?*

Tá rún daingean agam fós cothroime shóisialta agus geilleagar sóisialta margaidh níos láidre a áirithiú san Aontas Eorpach. Is é sprioc an Choimisiúin ardchaighdeáin shóisialta a choinneáil, agus spriocanna fostaíochta agus sóisialta 2030 an Aontais a bhaint amach, chomh maith le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, trína phlean gníomhaíochta a athnuachan. San am céanna, chun na cuspóirí sin a bhaint amach, ní mór roinnt dár rialacha agus dár mbeartais a bheith níos éasca a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, agus is é sin fócas ár n-iarrachtaí simpliúcháin.

Na tosaíochtaí a leag an tUachtarán von der Leyen síos – chun iomaíochas agus táirgiúlacht an Aontais a chur chun cinn, chun na rialacha atá ann cheana a shimpliú agus chun ualaí riaracháin agus tuairiscithe a laghdú – ní bhaineann siad le dírialáil ná lenár n-ardchaighdeáin a laghdú. Is é an uaillmhian atá againn rathúnas comhroinnte níos mó a spreagadh do mhuintir uile na hEorpa, mar shampla, trí chaighdeáin mhaireachtála a mhéadú go leanúnach agus trí Cholún na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme.

Tá ár ngeilleagar sóisialta margaidh i gcroílár ár n-iomaíochais. Meallann oideachas maith, soláthar cúraim sláinte agus líontáin sábhála shóisialta tallann agus infheistíochtaí isteach san Eoraip. Ní mór iad a chaomhnú agus a neartú i gcás inarb iomchuí. Má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Choimisinéir um Iomaíochas agus Táirgiúlacht agus um Chur Chun Feidhme agus Simpliú, leanfaidh mé de bheartais fostaíochta agus shóisialta a choinneáil i gcroílár mo dhá réimse sainchúraimí, agus leas á bhaint agam as an taithí fhairsing atá agam ar idirphlé sóisialta agus ar Cholún na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme.

San am céanna, glao múscailte a bhí sa tuarascáil a tháinig ó Mario Draghi le déanaí ar an ngá atá ag tíortha na hEorpa seasamh níos gaire dá chéile, deireadh a chur leis na bacainní a dhéanann ár Margadh Aonair a ilroinnt arís

agus arís eile, agus a áirithiú go mbainfidh ár rialacháin a spriocanna amach go héifeachtach, gan ualaí míchuí a chur ar dhaoine ná ar ghnólachtaí. Dá bhrí sin, táimid ar tí dul isteach sa timthriall institiúideach nua agus cuspóir soiléir againn: a áirithiú go mbainfimid amach ár spriocanna uaillmhianacha, mar shampla, spriocanna fostaíochta agus sóisialta 2030, tríd an tacaíocht is gá a chur ar fáil d'oibrithe agus do chuideachtaí. Chuige sin, beidh orainn oibriú go dlúth le chéile, ar fud na sainchúraimí eacnamaíocha agus sóisialta agus in idirphlé rialta leis na comhpháirtithe sóisialta, chun táirgiúlacht agus iomaíochas a spreagadh, rialacha an Aontais a shimpliú, an digitiú a chur chun cinn, agus ualaí riaracháin a íoslaghdú.

Tá ról ríthábhachtach ag dlí saothair an Aontais maidir le tacú le Margadh Aonair cothrom agus poist ardcháilíochta a áirithiú. Faoi mo cheannaireacht agus faoi cheannaireacht an Choimisinéara Schmit, tá dul chun cinn mór déanta againn le blianta beaga anuas, agus príomhionstraimí glactha againn, mar shampla, an Treoir um Dhálaí Oibre Trédhearcacha agus Intuartha, an Treoir maidir le Pá Íosta, agus an Treoir maidir le hObair Ardáin. Ullmhaíodh na hionstraimí sin i gcomhréir leis na prionsabail maidir le rialáil níos fearr. Níl sé i gceist leis an tástáil iomaíochais threisithe agus leis an tástáil FBM ná leis an ngealltanas ualaí tuairiscithe a laghdú, a chomhordóidh mé, stop a chur le tuilleadh dul chun cinn sóisialta san Aontas. Ina ionad sin, tá sé d'aidhm acu fiontraithe, oibrithe agus am na saoránach a shaoradh ionas gur féidir leo díriú ar nuálaíocht, ar a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach, ar a ngnó a leathnú agus ar níos mó poist ardcháilíochta a chruthú.

Beidh sé d'aidhm againn freisin a áirithiú go gcuirfear tionchair shóisialta san áireamh inár measúnuithe tionchair, mar shampla, measúnuithe ar thionchar dáileach nuair is féidir.

Maidir leis an Seimeastar Eorpach, neartaíodh a ghné shóisialta go substaintiúil agus leanfaidh an Coimisiún de chur chuige comhtháite a shaothrú chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí eacnamaíocha agus sóisialta sna Ballstáit agus chun moltaí tírshonracha a thabhairt. Chuige sin, tuairisceoidh mé go díreach don Uachtarán agus oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht.

I dtimthriall Sheimeastar 2024, d'úsáid an Coimisiún an Creat um Chóineasú Sóisialta cheana féin chun an measúnú ar rioscaí don chóineasú sóisialta aníos sna Ballstáit a neartú. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, leanfaidh mé de bheith tiomanta dá chur chun feidhme leanúnach, i gcomhréir freisin leis na forálacha lena gcomhtháthaítear Colún na gCeart Sóisialta sa chreat rialachais eacnamaíoch nua.

Ceist ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

*11. Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar reachtaíocht an Aontais atá ann cheana chun forluí a shainaithint agus aghaidh a thabhairt air agus conas a dhéanfaidh tú na páirtithe leasmhara a rannpháirtiú sa phróiseas? I gcomhthéacs an tsimplithe, cad iad na réimsí reachtacha a dtabharfar tosaíocht dóibh agus cad iad na bearta sonracha a mholfaidh tú chun na hualaí riaracháin agus tuairiscithe ar chuideachtaí an Aontais a laghdú gan caighdeáin an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí a chur i mbaol? I do chúram chun dul i ngleic leis an ilroinnt, conas a chomhtháthóidh tú seiceáil ar an Margadh Aonair i gcreat nua na hUirlise um Chomhordú Iomaíochais, d'fhonn aird a tharraingt ar na tairbhí a bhaineann le gníomhaíochtaí an Aontais, lena n-áirítear reachtaíocht, don Mhargadh Aonair, agus do thomhaltóirí an Aontais?*

Sna Treoirlínte Polaitiúla, chuir an tUachtarán de chúram ar gach Coimisinéir tástáil struis a dhéanamh ar *acquis* an Aontais. Ar bhonn thorthaí na tástála struis sin, déanfaidh an Coimisiún tograí chun forluí agus contrárthachtaí a bhaint, agus ár n-ardchaighdeáin á gcoinneáil san am céanna. Dá bhrí sin, oibreoidh mé le mo chomh-Choimisinéirí chun an obair fhairsing sin a dhéanamh d'fhonn an reachtaíocht atá ann cheana a scagadh agus é d'aidhm aige sin dlíthe AE a shimpliú, a chódú agus a chomhdhlúthú. De réir a chéile cumhdóidh an obair sin an *acquis* ina iomláine, reachtaíocht a cuireadh chun cinn le linn thréimhse an tsainordaithe dheireanaigh san áireamh.

Is é an túsphointe an fhaisnéis agus an t-eolas atá bailithe againn ó pháirtithe leasmhara trí bhíthin comhairliúcháin spriocdhírithe, gníomhaíochtaí for-rochtana agus glao tiomnaithe ar fhianaise in 2023.

An pointe ba mhinice a d'iarr páirtithe leasmhara go ndéanfaí an tuairisciú a shimpliú agus go gcuirfí deireadh le forluí. D'iarr siad go mbeadh tuilleadh treorach ann, chomh maith le digitiú agus sreafaí sonraí níos rianúla. Leag siad béim freisin ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh ár rialacha simplí agus go gcuirfear i bhfeidhm go comhréireach iad. Leagann FBManna béim ar a thábhachtaí atá sé cloí leis an bprionsabal 'tús áite d'fhiontair bheaga'.

Tá na rannchuidithe sin ina mbonn láidir dár gcuid oibre, ach déanfaimid níos mó. Déanfaidh mé maoirseacht ar chur chun feidhme bealaí nua agus níos doimhne chun dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara d'fhonn torthaí a bhaint amach. Mar a shonraítear freisin i mo fhreagraí ar na ceisteanna ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, rachaidh gach Coimisinéir i dteagmháil le páirtithe leasmhara 2 uair sa bhliain ar a laghad chun cur chun feidhme agus simpliú a phlé. Tá an tIdirphlé sin maidir le Cur Chun Feidhme ar cheann de na huirlisí a úsáidfimid chun bonn eolais a chur faoinár dtástálacha struis ar *acquis* an Aontais, agus ár spriocanna beartais agus ár n-ardchaighdeáin á gcaomhnú san am céanna.

Forbróimid Seiceálacha Réaltachta freisin a ligfidh dúinn teagmháil a dhéanamh le fíorchleachtóirí ar an láthair. Oibreoidh ranna an Choimisiúin i ndlúthchomhar le cuideachtaí, riaracháin agus páirtithe leasmhara eile a bhfuil baint acu le cur chun feidhme rialacha an Aontais chun saincheisteanna praiticiúla a shainaithint agus a réiteach, mar shampla, údaruithe, ualaí ceadaithe nó ualaí comhlíontachta.

Beidh dhá thoradh ar na tástálacha struis.Sainaithneoimid bearta spriocdhírithe chun reachtaíocht a shimpliú nó a chuíchóiriú, rud a mbeimid in ann dul i ngleic leis go díreach. I gcásanna ina bhfuil níos mó ama ag teastáil chun anailís a dhéanamh, déanfaimid obair leantach le meastóireachtaí agus seiceálacha oiriúnachta chun dúbailtí, forluí agus neamhéifeachtúlachtaí a shainaithint. Cuirfear na tograí is mó san áireamh i gClár Oibre an Choimisiúin gach bliain.

Maidir leis an Uirlis um Chomhordú Iomaíochais, déanfaidh sí tosaíochtaí iomaíochais uile-Aontais a aistriú ina mbeartais náisiúnta chomhordaithe, rud lena gcinnteofar maoiniú poiblí agus príobháideach do gach tosaíocht straitéiseach. Is é is cuspóir foriomlán don Uirlis sin, agus don Chiste um Iomaíochas, an comhleanúnachas idir acmhainneacht infheistíochta an Aontais agus beartais náisiúnta a threisiú. Leis sin, sholáthrófaí níos mó cinnteachta, intuarthachta agus scála sa Mhargadh Aonair.

Ós rud é nach mór tús a chur fós leis an obair is gá chun an Uirlis a oibríochtú, ní féidir a phríomh-chomhpháirteanna a leagan amach faoi láthair. É sin ráite, is príomhghnéithe dár n-iomaíochas iad an Margadh Aonair agus an timpeallacht ghnó níos leithne, mar a cuireadh i dtábhacht sa Tuarascáil Bhliantúil is déanaí ar an Margadh Aonair agus ar an Iomaíochas. D'fhéadfadh an Margadh Aonair barainneachtaí scála níos mó fós a chruthú, níos mó infheistíocht dhíreach choigríche a mhealladh, dálaí níos fearr a sholáthar dár gcuideachtaí chun poist ardcháilíochta a fhorbairt agus a chruthú, agus praghsanna níos fearr a sholáthar dár dtomhaltóirí agus ardleibhéil chosanta á gcoimirciú san am céanna. Ní mór dúinn a áirithiú go mbainfidh sé barr a chumais eacnamaíoch agus shóisialta amach.

Féach freisin an freagra ar cheist 4 maidir leis an Uirlis um Chomhordú Iomaíochais agus an Ciste um Iomaíochas.

<u>Ceist ón gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla</u>

*12. Cathain atá sé i gceist agat tús a chur le caibidlíocht nua i ndáil leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le simpliú agus reachtóireacht níos fearr agus cé na réimsí (nó na codanna) den Chomhaontú Idirinstitiúideach atá i gceist agat a athbhreithniú? Cad iad na gníomhaíochtaí a mheasann tú a bheith riachtanach chun na cuspóirí maidir le Rialáil Níos Fearr a bhaint amach agus tionscnaimh nua á n-ullmhú, lena n-áirítear gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme? An bhfuil tú réidh chun tacú le tionscnamh na Parlaiminte a leathnú chun an reachtaíocht atá ann cheana a leasú agus a chúlghairm?*

*Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat an t-idirphlé is gá a shaothrú leis an bParlaimint i bpróiseas an chlársceidealaithe bhliantúil agus ilbhliantúil faoi Airteagal 17(1) CAE agus faoi na forálacha sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr i ndáil le clársceidealú ilbhliantúil d'fhonn conclúidí comhpháirteacha ó na trí institiúid a tharraingt suas lena léirítear fíorchonradh trípháirteach don reachtas?*

Féach an freagra ar Cheist 8 freisin.

Is meán tábhachtach é an Comhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr le haghaidh comhar níos doimhne idir na hinstitiúidí chun cuspóirí beartais a bhaint amach go héifeachtúil dár saoránaigh agus dár ngnólachtaí, agus ualaí nach bhfuil gá leo á gcosc san am céanna. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, molfaidh mé go n-oibreoimid le chéile d'fhonn an Comhaontú sin a athnuachan chun ár dtiomantas comhpháirteach do cheapadh beartais atá trédhearcach agus bunaithe ar fhianaise a neartú.

Ar bhonn na gcuspóirí cur chun feidhme agus simpliúcháin a leag an tUachtarán von der Leyen amach, is é príomhthosaíocht an Choimisiúin bealaí pragmatacha a aimsiú chun a áirithiú go ndéanfaidh gach institiúid

measúnuithe comhréireacha ar thionchair i ndáil lena leasuithe substaintiúla ar an togra ón gCoimisiún. Dá bhrí sin, molfaidh mé go n-oibreoimid le chéile chun teacht ar chomhthuiscint ar a bhfuil i gceist le leasuithe substaintiúla agus chun raon feidhme níos fearr a thabhairt dá measúnú. Ba mhaith liom oibriú leat freisin d'fhonn modheolaíocht choiteann a aimsiú chun measúnú a dhéanamh ar thionchair agus costais. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, déanfaidh mé teagmháil le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle leis an gcéad sraith de smaointe agus de thograí chun éisteacht le bhur gcuid tuairimí agus moltaí.

In 2019 gheall an Coimisiún go bhfreagródh sé do rúin ón bParlaimint faoi Airteagal 225 CFAE le tograí reachtacha agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail na comhréireachta, na coimhdeachta agus na reachtóireachta níos fearr. Sa téarma deireanach, thug an Coimisiún freagra dearfach ar 24 as 25 de na rúin sin. Is é ba chúis leis an aon uair amháin nár thugamar freagra fabhrach ar rún Airteagal 225 – an rún maidir le pleanáil theagmhasach an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil – gur baineadh amach ár n-éacht coiteann maidir le CAI agus NextGenerationEU idir an dá linn.

Agus sinn ag féachaint chun tosaigh, tá an Coimisiún tiomanta an comhar leis an bParlaimint a neartú a thuilleadh tar éis rúin Airteagal 225 trína iarraidh ar Choimisinéirí páirt a ghlacadh in idirphlé struchtúrtha leis na coistí parlaiminteacha freagracha chun bealach chun cinn a leagan amach. Léirítear é sin sna litreacha misin chuig na Coimisinéirí ainmnithe uile.

Beidh idirphlé leis an bParlaimint fíor-riachtanach freisin do phróiseas an chlársceidealaithe bhliantúil agus ilbhliantúil. Beidh ár gConclúidí Comhpháirteacha maidir le tosaíochtaí don téarma atá le teacht bunaithe ar na Treoirlínte Polaitiúla, a tháinig as dianchomhairliúcháin le Parlaimint na hEorpa. Dá réir sin, beidh na Conclúidí Comhpháirteacha sin ina mbonn láidir do na Dearbhuithe Comhpháirteacha bliantúla níos mionsonraithe maidir le tosaíochtaí reachtacha le haghaidh na bliana atá le teacht.

<u>Ceist ón bhFochoiste um Chúrsaí Cánach</u>

**13. Iomaíochas & Meascán Cánach**

*Sa mheántéarma agus san fhadtéarma, beidh impleachtaí suntasacha ag aosú an daonra agus ag an digitiú ar chórais chánach. Ina Thuarascáil Bhliantúil ar Cháin 2024, tagraíonn an Coimisiún do chomhthoil leathan maidir leis an ngá atá leis an meascán cánach a athchothromú agus an t-ualach cánach a aistriú ón saothar. Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat dul ar aghaidh agus a chinntiú go bhfuil 'ról ríthábhachtach ag ár gcóras cánach maidir le tacú le dícharbónú agus iomaíochas na hEorpa chun cothroime shóisialta a áirithiú' mar a luadh i do litir mhisin? Cad iad na bearta a mholfá a dhéanamh chun deireadh a chur le bacainní cánach ar infheistíocht trasteorann agus le bacainní fioscacha agus rialála idir na Ballstáit chun ár gcóras cánach a shimpliú agus chun iomaíochas a mhéadú? An ndéanfaidh tú moltaí i réimse na ngnóthachan caipitiúil agus an chánachais rachmais chun cothroime shóisialta a chinntiú? I bhfianaise na n-anailísí a rinne institiúidí amhail CAI le déanaí, cad iad na bearta cánachais breise a d'fhéadfaí a fhorbairt chun a áirithiú nach ndéanfaidh praghsáil carbóin difear díréireach do phobail bhochta, ná nach gcuirfidh sí leis na héagothromaíochtaí idir Ballstáit shaibhre agus Ballstáit nach bhfuil chomh saibhir céanna?*

Má smaoinímid ar mheascán cánach AE27 atá ann faoi láthair, ar an meán, cuimsíonn cánacha saothair os cionn 50 % de bhailiú iomlán an ioncaim ó cháin, agus cuimsíonn Cáin Bhreisluacha (CBL) thart ar 20 %, agus Cánacha Ioncaim Chorparáidigh beagán níos lú ná 10 %. Tá tionchar ag athruithe struchtúracha fadtéarmacha, mar shampla, athruithe déimeagrafacha agus digitiú, ar an gcaoi a n-oibrímid, a dtáirgimid agus a dtomhlaímid, agus dá bhrí sin ní mór dúinn athscrúdú a dhéanamh ar conas ár meascán cánach a leathnú chun a áirithiú gur féidir lenár gcórais chánach leanúint den ioncam is gá a fháil chun ár ngeilleagar sóisialta margaidh a chothú. Tá sé tábhachtach freisin an meascán cánach a choigeartú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide agus chun feabhas a chur ar an iomaíochas. Mar shampla, le meascán cánach a sheasfaidh an aimsir, ba cheart infheistíocht sa taighde agus san fhorbairt a spreagadh, agus ar an gcaoi sin rannchuideofaí le hinfheistíocht níos airde i réitigh ghlasa agus dhigiteacha. Ina theannta sin, d'fhéadfaí breithniú a dhéanamh ar aistriú ó chánacha saothair, a chuireann bac ar fhás agus ar phoist go ginearálta, go dtí cánacha ar ghníomhaíochtaí a ghineann seachtrachtaí, mar shampla, trí na boinn chánach atá ann cheana a leathnú, agus béim á leagan ar chánacha glasa agus cánacha ar an rachmas. Agus an méid sin á dhéanamh againn, ní mór dúinn cuimhneamh ar an ngá atá ann neamhionannais a laghdú agus an chothroime shóisialta a áirithiú.

Is gné thábhachtach den fhaireachas eacnamaíoch é faireachán a dhéanamh ar chánachas. Soláthraíonn an Coimisiún moltaí do na Ballstáit maidir le beartais chánach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, agus mé ag obair go dlúth leis an gCoimisinéir um an Aeráid,

Glan-nialasacht agus Fás Glan, d'áiritheoinn go bhforbróimis moltaí beartais cánach dírithe a thacódh leis an bhfás agus leis an iomaíochas, le dáileadh cothrom ioncaim, agus a chuirfeadh an t-aistriú glas chun cinn. Beidh na moltaí ina mbonn eolais do chur chun feidhme an chreata rialachais eacnamaíoch nua a bheidh ann amach anseo, ós rud é go mbeadh áit ag an 'meascán cánach a sheasfaidh an aimsir' sna pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha nua. Cuideoidh sé sin freisin le bacainní cánach ar infheistíocht trasteorann a laghdú chomh maith le bacainní fioscacha agus rialála eile idir na Ballstáit.

Tacóidh mé freisin leis an bplé domhanda maidir le cánachas rachmais i bhfóraim idirnáisiúnta, mar shampla, ECFE, G20 agus na Náisiúin Aontaithe. Bheadh sé d'aidhm agam faireachán níos fearr a dhéanamh ar fhorbairt agus tomhas na n-éagothromaíochtaí rachmais a bhaineann le giniúint rachmais (sreafaí) agus marthanacht rachmais (stoic), chomh maith leis an gcothromaíocht idir cánachas ar thuilleamh saothair agus cánachas ar ioncam caipitil phearsanta. Seolfaidh an Coimisiún staidéar ina scrúdófar cánacha a bhaineann le rachmas san Aontas chun tacú le díospóireacht eolasach.

Thacóinn freisin leis an obair ar chur chuige iltaobhach i leith an chánachais dhigitigh. Tá ról gníomhach ag an Aontas agus a Bhallstáit sa chaibidlíocht idirnáisiúnta maidir le réiteach dhá cholún chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le cúrsaí cánach a eascraíonn as digitiú an gheilleagair ag Creat Cuimsitheach ECFE/G20 um Chreimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis Chuideodh réiteach den sórt sin le hiomaíochas an Aontais a fheabhsú trí chóras cánach domhanda a chruthú a bheadh níos cothroime agus níos intuartha. Le Colún a hAon, agus leithdháileadh cothrom brabús ar na dlínsí ina bhfuil na custaiméirí lonnaithe á áirithiú, chuideofaí le cothrom iomaíochta a bhaint amach do chuideachtaí atá bunaithe san Aontas trí dheiseanna le haghaidh aistriú brabúis chuig dlínsí ísealchánach a laghdú agus trí ranníocaíochtaí cothroma cánach ó iomaitheoirí domhanda a áirithiú.

Le Colún a Dó, a chuirtear chun feidhme san Aontas trí Threoir Cholún a Dó ó mhí na Nollag 2022, trí shaobhadh cánach a laghdú, cothaítear timpeallacht ghnó níos cothroime agus níos iomaíche san Aontas agus cuidítear le srian a chur le pleanáil ionsaitheach cánach. Chuideoinn leis an oiread dlínsí agus is féidir ar fud an domhain a spreagadh chun na rialacha a chur chun feidhme nó chun comhoibriú go pras ar mhaithe le faisnéis a mhalartú go héifeachtach, ionas go bhféadfaidh na dlínsí eile Colún a Dó a chur i bhfeidhm.

Mar fhocal scoir, mhol an Coimisiún 'Gnó san Eoraip: Creat le haghaidh Cánachas Ioncaim' (BEFIT) agus Córas Cánach Ceannoifige le haghaidh FBManna (HOT) chun na bacainní cánach ar infheistíocht trasteorann a laghdú agus chun iomaíochas a mhéadú. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, d'oibreoinn leis an gCoimisinéir um an Aeráid, Glan-Nialasacht agus Fás Glan chun obair leantach a dhéanamh ar na tograí sin agus chun an timpeallacht ghnó sa Mhargadh Aonair a shimpliú.

Maidir leis na cúrsaí cánach sin, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir um an Aeráid, Glan-nialasacht agus Fás Glan.